

# RÁITEAS TEIMPLÉID UM CHOSAINT DO LEANAÍ LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ LUATHFHOGHLAMA AGUS CÚRAIM

[TÚS THEIMPLÉAD CSS]

Is mar threoir amháin atá an teimpléad samplach seo curtha ar fáil. Formáid chaighdeánaithe le haghaidh Ráitis um Chosaint Leanaí atá ann. Cuir isteach faisnéis ábhartha, agus scríos amach aon samplaí nach mbaineann le do sheirbhís féin.

[Ba chóir gach nóta treorach \(sa dath gorm\) a scríosadh amach roimh don CSS a chríochnú.](#)

## RÁITEAS UM CHOSAINT DO LEANAÍ (CSS)

**Ainm na seirbhíse atá curtha ar fáil:**

**M.sh. Ionad Luathfhoghlama agus Cúraim XXX**

### 1. An cineál seirbhíse atá ann, chomh maith leis na prionsabail atá i bhfeidhm ann chun leanaí a chosaint ó dhíobháil

**Nóta Treorach:** *Déan cur síos ar an gcineál seirbhíse atá agat féin agus ar na prionsabail treorach a ghlactar leo ann chun leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil nuair atá siad ag baint tairbhe as an tseirbhís.*

Mar shampla:

Ag seirbhís Luathfhoghlama agus Cúraim XXX, tá seirbhís ardchaighdeáin curtha ar fáil againn atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga.


- Tá seirbhís cúraim lae iomlán curtha ar fáil againn do leanaí 0-12 bliana d'aois, lena n-áirítear an cúram lae iomlán, clár COLÓ, agus an cúram leanaí do leanaí atá ag dul ar scoil.
- Téimid ar thurais agus ar imeachtaí leis na leanaí. Ní mór don chineál turais a dhéanaimid a chomhlíonadh leis na rialacháin iomchuí faoi Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 agus na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárúchán Seirbhísí do Leanaí ar Aois Scoile), 2018.
- Tá limistéar amuigh faoin spéir ainmnithe againn, atá slán agus ina gcuirimid gníomhaíochtaí foghlama ar fáil do na leanaí
- Tá gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir le haghaidh leanaí agus daoine óga curtha ar fáil againn.
- Soláthraímid tacaíocht bhreise faoin tsamhail AIM do ghrúpaí beaga chun ligean do gach uile leanbh a bheith in ann páirt a ghlacadh sa tseirbhís LFC seo ar bhealach a bhfuil lán céile.

**Nóta Treorach:** *Cuir an méid seo a leanas san áireamh i do threoirphrionsabail ach tabhair breac-chuntas ar phrionsabail bhreise má bhaineann siad le do sheirbhís féin.*

### Treoirphrionsabail chun leanaí a chosaint ó dhíobháil:

Creidimid an méid seo a leanas:

1. Is é an tosaíocht atá againn ná a dheimhniú go dtugtar tús áite do leas agus sábháilteacht gach aon linbh agus duine óg a fhreastalaíonn ar ár seirbhís.



2. Réitíonn na treoirphrionsabail agus na nósanna imeachta atá againn chun leanaí agus daoine óga a chosaint leis an mbeartas agus an reachtaíocht náisiúnta agus déanfaimid athbhreithniú ar na treoirphrionsabail agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí uair gach dhá bhliain.
3. Tá an ceart céanna ag gach uile leanbh agus duine óg freastal ar sheirbhís ina bhfuil meas curtha orthu mar dhaoine aonair agus a spreagann iad chun barr a gcumas a bhaint amach, beag beann ar an cúlra atá acu.
4. Táimid tiomanta do chearta gach uile linbh agus duine óg a fhreastalaíonn ar ár seirbhís a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun a bheith sábháilte agus slán ó dhíobháil, ionadaíocht a bheith agat agus aird a bheith tugtha do do thuairimí.
5. Baineann ár dtreoirphrionsabail le gach uile duine inár n-eagraíocht.
6. Caithfidh na hoibrithe/saorálaithe glacadh le hiompar ar bhealach ina léirítear prionsabail ár n-eagraíochta.

## 2. Measúnú Riosca

Tá measúnú déanta againn ar aon fhéidearthacht atá ann go ndéanfar díobháil (de réir mar atá sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) do leanbh le linn dó a bheith ag freastal ar ár seirbhísí. Ag seo thíos, liosta de na réimsí riosca atá sainaitheanta agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.


*Nóta Treorach: Ag seo thíos, déan cur síos ar na réimsí ina bhfuil rioscaí sainaitheanta agus ina bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun na rioscaí sainaitheanta sin a bhainistiú. Féadfar go mbeidh gá ann nósanna imeachta a fhorbairt chun an riosca atá sainaitheanta a bhainistiú.*

*Is samplaí iad na réimsí ag seo thíos. Caithfidh gach aon Seirbhís Luathfhoghlama agus Cúraim a dhéanamh cinnte de go bhfuil na rioscaí atá shainaithinte ábhartha dá suíomh féin agus do na gníomhaíochtaí atá curtha ar fáil acu ann. Ní ach treoir atá i gceist leis na samplaí ag seo thíos agus ba cheart ábhar eile a chur leo de réir mar is cuí.*

	An riosca díobhála (de réir mar atá sé sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)	Nós imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca sainaitheanta a bhainistiú
1	<p>Mar shampla: An riosca díobhála maidir le mí-úsáid a bheith déanta ag baill foirne/oibrithe deonacha.</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Daoine den fhoireann ag caitheamh go garbh leis na leanaí ar bhealach a dhéanann díobháil do dhuine díobh</li> <li>- Daoine den</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Earcaíochta</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas chun Gearáin a Dhéanamh</li> <li>- An Nós Imeachta/Polasaí um an mBainistíocht Iompair</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas don Oiliúint Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas don Ionduchtú Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Chosaint Leanaí</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Tuairiscithe</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Oiliúna um an</li> </ul>



	<p>fhoireann/saorálaithe a bheith ag béicíl ar leanaí nó ag tabhairt amach dóibh an oiread sin go ndéanann sé díobháil dóibh</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Bia agus/nó cothú neamhleor a bheith curtha ar fáil, go leanúnach, an oiread sin go ndéanann sé díobháil do leanbh</li> </ul>	<p>gCosaint Leanaí</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána</li> <li>- An Cód Iompair don Nós Imeachta/Beartas maidir leis an Fhoireann/na Daltaí/Oibrithe Deonacha</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Líomhain den Mhí-Úsáid in aghaidh na Foirne/Daltaí/Oibrithe Deonacha</li> </ul>
2	<p>Mar shampla: An riosca atá ann go ndéanfadh daoine den fhoireann nó oibrithe deonacha an mhí-úsáid mar gheall ar iad a bheith neamheolach faoi na nósanna imeachta cearta.</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Leanaí curtha i mbaol mar gheall ar mhaoirseacht neamhdhóthanach</li> <li>- Díobháil a bheith déanta do leanbh mar gheall ar teipeadh ar an fhoireann gan ábhar imní a thuairisciú</li> <li>- Díobháil a bheith déanta do leanbh mar gheall ar ghníomhartha nó idirghníomhaíochtaí míchuí a dhéanann duine den fhoireann</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas don Oiliúint Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an Maoirseacht Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Tuairiscithe</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Chosaint Leanaí</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Líomhaint den Mhí-Úsáid in aghaidh na Foirne/Daltaí/Oibrithe Deonacha</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas chun Gearáin a Dhéanamh</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas maidir leis an gCód Iompair don Fhoireann agus d'Oibrithe Deonacha</li> <li>- An Nós Imeachta/Polasaí um an mBainistíocht Iompair</li> </ul>
3	<p>Mar shampla: An riosca go ndéanfar mhí-úsáid le linn a bheith ag obair (duine-le-duine) (an cúram pearsanta agus an dlúthchúram pearsanta).</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Tarlú den droch-íde ghnéasach a dhéanann duine den fhoireann/dalta/oibrí deonach, le linn clúidín a bheith athraithe nó le linn</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas don Oiliúint Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an Maoirseacht Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Earcaíochta</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána</li> <li>- An Beartas/Nós Imeachta um Chosaint Leanaí</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Cúraim Phearsanta agus Dlúthchúraim</li> <li>- Nós Imeachta/Beartas maidir leis an Ionchuimsiú</li> <li>- Nós Imeachta/Beartas Foirne maidir leis</li> </ul>



	<p>gnáthaimh cúraim phearsanta, mar shampla.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Tarlú den mhí-úsáid choirp a dhéanann duine den fhoireann/dalta/oibrí deonach, le linn obair duine-le-duine</li> <li>- An droch-íde mhothúchánach a bheith déanta ag ball foirne/dalta/oibrí deonach a tharlaíonn le linn obair duine-le-duine</li> </ul>	<p>an Cód Iompair don Fhoireann/do Dhaltaí/Oibríthe Deonacha</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Líomhain den Mhí-Úsáid in aghaidh na Foirne/Daltaí/Oibríthe Deonacha</li> </ul>
4	<p>Mar shampla: An riosca den díobháil go nglacfar aon ghianghraif neamhúdaraíthe nó go ndéanfar mí-úsáid ar líne sna meáin shóisialta nó trí rochtain ar an idirlíon.</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Bainistíocht neamhleordhóthanach ar íomhánna nó taifeadtaí de leanaí, lena n-áirítear iadsan a roinntear go poiblí nó sna meáin shóisialta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas maidir le hÚsáid an Idirlín, agus Trealamh Fótagrafach agus Taifeadta</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas maidir leis na Meáin Sóisialta</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Choinneáil Taifead</li> </ul>
5	<p>Mar shampla: An riosca den díobháil ó chuairoteoirí a thagann gan fógra go dtí an t-ionad (oibreoirí cothabhála/deisiúcháin/seachadtaí, m.sh).</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- An riosca go n-éalófadh leanbh ón tseirbhís mar gheall ar nach gcloítear le nósanna imeachta chun dul isteach agus amach as an fhoirgneamh, mar shampla na doirse a dhúnadh srl.</li> <li>- An riosca go ndéanadh cuairteoir leanbh an mhí-</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Polasaí maidir le Neamhláithreachtaí na Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an mBainistíocht Riosca</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an Maoirseacht ar Leanáí</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Cuairteoirí a Chlárú</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an Ráiteas Sábháilteachta</li> </ul>



	<p>úsáid coirp, gnéis nó mothúchánach do leanbh</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Leanáí curtha i mbaol den díobháil mar gheall ar mhaoirseacht neamhdhóthanach</li> </ul>	
6	<p>Mar shampla: An riosca díobhála ón mí-úsáid idir-phiartha.</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Gníomhartha bulaíochta a dhéantar arís agus arís eile (i.e. ionsaí ó bhéal, ionsaí síceolaíoch nó fisiceach idir leanaí)</li> <li>- Má úsáideann leanaí ardáin meán sóisialta chun trácht dímheasúil nó pictiúir dímheasúla de leanaí eile a phostáil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas Frithbhulaíochta</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an Maoirseacht ar Leanáí</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas chun Gearáin a Dhéanamh</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas don Oiliúint Foirne</li> </ul>
7	<p>Mar shampla: An riosca díobhála ar thurais.</p> <p>Áirítear na hábhair ag seo a leanas ar shamplaí den riosca, ach níl siad teoranta dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Leanáí curtha i mbaol den díobháil mar gheall ar mhaoirseacht neamhdhóthanach ar thurais</li> <li>- Má théann leanbh ar strae, nó más rud é go bhfuil leanbh nach fios cá bhfuil sé, ar feadh aon tréimhse ama ar bith</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Thurais</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um an mBainistíocht Riosca</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas don Oiliúint Foirne</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Chosaint Leanáí</li> <li>- An Nós Imeachta/Beartas um Theagmhas Criticiúil</li> </ul>

### 3. Nósanna Imeachta

**Nóta Treorach:** *Sa téacs ag seo a leanas, bíonn breac-chuntas ar fáil na nósanna imeachta atá sonraithe san Acht um Thús Áite do Leanáí, 2015 agus caithfidh sé a bheith áirithe sa Ráiteas um Chosaint Leanáí.*

Rinneadh ár Ráiteas um Chosaint Leanáí a fhorbairt de réir na gceanglas faoin Acht um Thús Áite do Leanáí 2015, Tús Áite do Leanáí: Treorlínthe Náisiúnta do Chosaint agus Leas



Leanaí, 2017, agus an Chosaint Leanaí – Treoir maidir leis an bPolasaí, Gnásanna agus an gCleachtas.

Tacaíonn na nósanna imeachta atá liostaithe inár Measúnú Riosca agus sna Nósanna Imeachta Sonraithe ag seo thíos lenár rún leanaí a chosaint agus iad ag freastal ar ár seirbhís:

- An nós imeachta chun líomhaintí faoin mí-úsáid nó mí-iompar i gcoinne oibrithe/saorálaithe linbh atá ag freastal ar seirbhís a bhainistiú;
- An nós imeachta chun oibrithe agus saorálaithe a earcú agus a roghnú go sábháilte chun obair i gcuideachta leanaí;
- An nós imeachta chun oiliúint agus faisnéis faoi chosaint leanaí a sholáthar agus chun rochtain a fháil orthu, lena n-áirítear conas tarlú díobhála a aithint;
- An nós imeachta chun tuairisc a thabhairt do Tusla maidir le hábhair inní um chosaint leanaí nó leas leanaí;
- Nós imeachta chun liosta de na daoine (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha gur daoine sainordaithe iad;
- An nós imeachta chun Duine Ábhartha a cheapadh.

Beidh an Ráiteas um Chosaint Leanaí curtha suas in áit a mbeidh sé éasca é a fheiceáil.

Cuirfear gach nós imeachta ar fáil don fhoireann, do thuismitheoirí, do dhaoine óga, do dhaoine den phobal agus do Tusla, má iarrtar ar amhlaidh a bheith déanta.

#### 4. An Feidhmiú agus an tAthbheithniú

**Nóta Treorach:** *Ní mór athbheithniú a dhéanamh uair amháin, ar a laghad, seal gach 24 mí. Is é soláthraí na Seirbhíse Ábhartha an té ar a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as an eagraíocht. Is féidir gurb é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, an úinéir/oibreoir, srl. atá i gceist leis seo.*

Aithnímid gur próiseas leanúnach atá i gceist leis an bhfeidhmiú. Tá ár seirbhís tiomanta don Ráitis um Chosaint Leanaí seo agus a bheith curtha i bhfeidhm, chomh maith leis nna nósanna imeachta a thacaíonn leis an rún atá againn leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil nuair atá siad ag freastal ar ár seirbhís.

Déanfar an Ráiteas um Chosaint Leanaí a athbheithniú ar an \_\_\_\_\_ nó a luaithe is gur féidir tar éis athrú ábhartha a tharlaíonn maidir le haon cheist a bhfuil tagairt déanta dó sa ráiteas.

**Síniú:** \_\_\_\_\_ (Soláthraí na Seirbhíse Ábhartha)

[Cuir isteach ainm agus sonraí teagmhála Sholáthraí na Seirbhíse Ábhartha]

**Nóta Treorach:** *Ba cheart ainm agus sonraí teagmhála an Duine Ábhartha a chur leis freisin, arb é an chéad phointe teagmhála é maidir leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.*

Má tá aon cheist agat, téigh i dteagmháil le [cuir isteach ainm agus ról an duine], an Duine Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

[DEIREADH THEIMPLÉAD CSS]

